

## Ábhar Bhailiúchán na Scol ó Chontae Chill Chainnigh ar [www.duchas.ie](http://www.duchas.ie) anois

Is féidir béaloideas agus stair áitiúil ó Chontae Chill Chainnigh a léamh ar [www.duchas.ie](http://www.duchas.ie) anois.

Ábhar béaloidis a thairfead daltaí scoile idir 1937 agus 1939 is ea Bailiúchán na Scol, cuid thábhachtach de Chnuasach Bhéaloideas Éireann, UCD. Tá breis agus leathmhilliún leathanach i gceist, a thairfead tuairim is 50,000 dalta bunscoile sna 26 chontae.

Tá ábhar béaloidis as Bailiúchán na Scol á fhoilsiú ar [duchas.ie](http://www.duchas.ie) ó dheireadh 2013 agus is í aidhm an tionscadail go mbeidh imleabhair uile Bhailiúchán na Scol ar fáil ar líne faoi dheireadh 2016. Tá ábhar ó Bhaile Átha Cliath, ó Mhaigh Eo, ó Dhún na nGall, ó Phort Láirge, ó Ghailimh, ó Liatroim, ó Chill Dara, ó Chiarraí, ó Shligeach, ó Luimneach, ó Mhuineachán agus ó Laois ar fáil ar an suíomh cheana. Is toradh é [duchas.ie](http://www.duchas.ie) ar chomhpháirtíocht a cuireadh ar bun in 2012 idir Cnuasach Bhéaloideas Éireann (UCD), Fiontar (DCU) agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Cuirfidh Éireannaigh agus lucht an diaspóra araon suim sa suíomh seo. Is áis iontach é [duchas.ie](http://www.duchas.ie) do thaighdeoirí a chuireann suim i léann an bhéaloidis, sa stair áitiúil, sa tseandálaíocht, i gcúrsaí ginealais, sa teangeolaíocht agus i réimsí taighde eile. Is féidir an bailiúchán a chuardach faoi láthair de réir áiteanna agus de réir daoine; seolfar cuardach de réir topaicí i mbliana.

Ghlac breis agus 115 scoil páirt sa scéim i gContae Chill Chainnigh agus tiomsaíodh 30 imleabhar d'ábhar béaloidis.

Dúirt an tAire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta, Joe McHugh, TD, 'Is céim thábhachtach eile í seo sa tionscadal nuálach seo a chuirfidh ábhar úr maidir le saol traidisiúnta na hÉireann sna blianta a chuaigh thart ar fáil don phobal i gcoitinne. Cuirfidh an t-ábhar nua seo ar chumas an taighdeora agus go leor daoine eile an difríocht a fheiceáil idir saol an lae inniu agus an saol mar a bhíodh, breis agus 80 bliain ó shin.'

Tá [duchas.ie](http://www.duchas.ie) á fhorbairt ag Fiontar, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in DCU, agus ag Cnuasach Bhéaloideas Éireann in UCD, ceann de na cnuasaigh béaloidis is mó ar domhan. Tá an tionscadal á chómhaoiniú ag UCD agus ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.


Tá ról comhairleach ag Taisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI) in obair [duchas.ie](http://www.duchas.ie) maidir le caighdeán agus idir-inoibritheacht i gcartlannú digiteach.

### CRÍOCH

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le Clare Coughlan

[clare.coughlan@dcu.ie](mailto:clare.coughlan@dcu.ie)

(01) 700 6577



*An Roinn  
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta  
Department of  
Arts, Heritage and the Gaeltacht*



Nóta d’eagarthóirí:**Scéalta ó Chontae Chill Chainnigh**

Ní nach ionadh go luaitear **oidhreacht láidir iomána** sna scéalta béaloidis a bhaineann le contae Chill Chainnigh i mBailiúchán na Scol. Ní hamháin sin, ach bíonn an iomáint faoi chaibidil sna hamhráin chomh maith. Seo sampla [d’amhrán](#) a bhaineann leis na hiománaithe agus a gcuid éachtaí. Bíonn tóir ar an spórt ag na sióga féin i gCill Chainnigh, dar leis an [alt seo](#) pé scéal é!

Is frithlaoch de chuid an chontae é **James Freney** a bhfuil neart béaloidis ar fáil ina leith i mBailiúchán na Scol. Luaitear é in dhá scéal shuimiúla [anseo](#) agus [anseo](#), agus déantar cur síos air mar **‘Robin Hood’ na hÉireann**.

Chomh maith leis sin, tá dlúthbhaint ag an gcontae le **Naomh Cainneach**. Déantar cur síos air sa scéal [seo](#), agus tá eolas faoina ardeaglais ar fáil sa chuntas [seo](#). [Seo](#) pictiúr dá thobar atá le feiceáil ar an láthair chéanna.

Láthair eaglasta mhór le rá eile is ea **An Mhainistir Dhubh** agus is féidir tuilleadh a léamh faoin áit [anseo](#).

Rinneadh ionsaithe ar chathair Chill Chainnigh le linn **ré Chromail** agus tugtar léargas ar na hionsaithe sa chuntas [seo](#). Bhí cosaint áirithe le fáil taobh istigh de [bhallaí na cathrach](#) ach, mar is eol dúinn, d’éirigh le Cromail agus a fheachtas brúidiúil. Scéal suimiúil eile is ea **‘Priest-Hunting’**, a chuireann síos ar dhrochghníomh coitianta de chuid aimsir na bpéindlíthe, agus is féidir é a léamh [anseo](#). Ní mar a shíltear a bhítear, áfach – caithfear an scéal a léamh chun léargas breise a fháil ar an teideal suimiúil!

Tá cáil ar an gcontae mar ghearr ar an **marmar** agus tá níos mó eolais faoi na **muilte marmair** le fáil [anseo](#).

Tagtar ar bhlúiríní beaga neamhghnácha eolais go minic sa bhailiúchán seo, mar shampla an cur síos ar **‘Freak Eggs’** mar a ghlaoití orthu, sa scéal [seo](#). Chomh maith leis sin, ní hamháin go bhfuil **Aonach an Phoic** i gCill Orglan le fada an lá, ach bhíodh [aonach an phoic](#) i gCill Chainnigh lá den saol leis.

Tá daltaí ó Choláiste Pobail Osraí, Cill Chainnigh, ag léamh an ábhair ar dúchas.ie faoi láthair agus foilseofar alt leo bunaithe ar a gcuid oibre amach anseo ar [bhlag gaois.ie](#).